

Suíomh an Ionaid Tacaíochta Teallaigh



Ionad Tacaíochta Teaghlaigh

Chois Fharraige

Tá deontas de €1milliún ceadaithe ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun Ionad Tacaíochta Teaghlaigh a thógáil sa gceantar. Níl aon amhras ar Ghrúpa Oibre an Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh ach go bhfuil an tIonad atá le tógáil ar cheann de na beartais is tábhachtaí riamh ó thaobh na pleanála teanga de i gceantar Chois Fharraige.

- Cinnteoidh an tIonad nua seo go bhfuil seirbhísí comhtháite cúram leanaí trí Ghaeilge ar fáil do theaghlaigh Chois Fharraige ó aois 3 mhí go haois iarbhunscóile faoi aon dhíon amháin. Cruthóidh an tIonad seo nósmaireacht teanga (Gaeilge) i measc leanaí an cheantair ón aois go mbeidh siad ag freastal ar na seirbhísí luathoideachais go dtí go mbeidh an iarbhunscóil críochnaithe acu.
- Cabhróidh an tIonad seo chun dul i bhfeidhm ar an rogha teanga a dhéanann tuismitheoirí ag baile trí chúrsaí réamhbhreithe agus réamhphósta, a mbeidh modúl ar theanga an teaghlaigh mar chuid díobh, a thairscint don phobal.
- Cuirfidh an tIonad seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta teanga ar fáil do theaghlaigh atá ag iarraidh teanga an teaghlaigh a iompú ó Bhéarla go Gaeilge, mar shampla do theaghlaigh atá tar éis filleadh ó thar lear.
- Cruthóidh an tIonad comhlúadar Gaeilge nua sa cheantar, áit ina bhféadfadh tuismitheoirí agus teaghlaigh an cheantair a theacht le chéile agus aithne a chur ar a chéile trí mheán na Gaeilge.
- Reáchtálfar cúrsa oiliúna i réimsí an luathoideachais agus na tacaíochta teaghlaigh trí Ghaeilge san Ionad. Ciallóidh sé seo go mbeidh deiseanna oiliúna agus fostaíochta den chéadscóth trí Ghaeilge ar fáil d'óige an cheantair.
- Faoi láthair tá ochtar fostaithe idir Naíonra Chois Fharraige agus Naíolann Sailearna. Meastar go mbeidh ar a laghad 20 duine fostaithe go lánaimseartha nuair a bheidh an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh faoi lán seoil.

Plean Forbartha

Luíonn an fhorbairt seo go huile agus go hiomlán le pleananna forbartha agus teanga Chomharchumann Shailearna, mar aon le pleananna forbartha na n-eagraíochtaí áitiúla pobail agus stáit eile sa cheantar. Níl aon amhras ach go rachaidh an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh seo ó neart go neart agus go mbeidh sé mar eiseamláir ag pobail eile de bharr na pleanála, an chomhoibrithe pobail agus na fealsúnachta teanga atá á dtiomáint. Ní hamháin go mbeidh an tIonad mar dheashampla d'fhorbairt i measc an phobail, is cinnte go mbeidh sé mar áisitheoir ar go leor forbairtí teanga lárnaithe eile sa cheantar chomh maith.

An tIonad Nua

Is iad seo a leanas na spásanna a bheidh san Ionad nua:

- Seomra ar leith don Naíolann ina mbeidh spás do 36 gasúr (Aois 0-1 – seisear, Aois 1-2 – Deichniúr, Aois 3-6 – fiche gasúr)
- Spás ar leith don Naíonra ina mbeidh spás do dhá sheisiúin, 20 gasúr ag aon am ar leith. Beidh an deis ann Naíonra maidine agus tráthnóna a reáchtáil de réir an éilimh.
- Spás do sheirbhísí iarscoile. Beidh seomraí ar an dara hurlár san Ionad ar fáil do chlubanna spraoi, clubanna léitheoireachta, ceardaíochta, ceoil agus clubanna obair bhaile. Bheadh spás ann do leabharlann ar leith do ghasúir chomh maith agus seomra comónta. Reáchtálfar seisiúin staidéir tar éis scoile agus gníomhachtaí do ghasúir dara leibhéal de réir éilimh.
- Spás Oifige agus Riaracháin.
- Spás do sheirbhísí Teiripeoir Teanga agus seirbhísí eile de chuid an Bhoird Sláinte.
- Páirc spraoi poiblí. Tá iarratas déanta ar an gComhairle Contae maidir le páirc spraoi poiblí a thógáil taobh leis an Ionad Tacaíochta Teaghlaigh ar shuíomh atá suite ar chúil Shéipéal an Chnoic. Táthar ag súil go mbeidh an tIonad ar oscailt i Meán Fómhair 2007.

*Caitlín Nic an Ultaigh.
Cathaoirleach an Ghrúpa Oibre*